



AN tAONTAS EORPACH

PARLAIMINT NA hEORPA

AN CHOMHAIRLE

An Bhruiséil, 23 Meán Fómhair 2026
(OR. en)

2025/0172(COD)

PE-CONS 44/26

SIMPL 154
ANTICI 160
INDEF 132
MAP 136
CSC 427
ENV 775
COMPET 793
ENT 162
MI 664
CHIMIE 86
CODEC 1245

GNÍOMHARTHA REACTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE

Ábhar: RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE
maidir le dlús a chur le próisis deonaithe ceadanna le haghaidh tionscadail
ullmhachta cosanta

RIALACHÁN (AE) 2026/...
Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

an ...

**maidir le dlús a chur le próisis deonaithe ceadanna
le haghaidh tionscadail ullmhachta cosanta**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 114 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa¹,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach²,

¹ IO C, C/2026/30, 16.1.2026, ELI: <http://data.europa.eu/eli/C/2026/30/oj>.

² Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 16 Meán Fómhair 2026 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an ...

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Tá an tAontas ag tabhairt aghaidh ar bhagairt ghéar agus mhéadaitheach, mar a cuireadh i bhfios go láidir sa Pháipéar Bán Comhpháirteach ón Ardionadaí do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála agus ón gCoimisiún an 19 Márta 2025 maidir le hUllmhacht Cosanta na hEorpa 2030, a bhaineann le coinbhleacht iomlán a bheith ann arís san Eoraip i gcomhthéacs chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin agus gníomhaíochtaí hibrídeacha eile atá dírithe ar an Aontas agus ar a Bhallstáit. Dá bhrí sin, tá sé rithabhachtach go ndéanfaidh an tAontas gníomhaíocht chinntitheach chun a ullmhacht cosanta agus a athléimneacht shochaíoch fhoriomlán a neartú. Tá géarghá le borradh a chur le hullmhacht cosanta na hEorpa agus bearnaí criticiúla cumais a dhúnadh chun a áirithiú go mbeidh seasamh cosanta láidir leordhóthanach Eorpach ag an Eoraip faoi 2030, mar a chuir an Chomhairle Eorpach i bhfios go láidir.
- (2) Chun saoráidí agus bonneagar a bhaineann le hullmhacht cosanta a chur ar bun nó a leathnú agus chun tabhairt faoi ghníomhaíochtaí a bhaineann le hullmhacht cosanta, is minic gur gá iarratas a dhéanamh ar roinnt ceadanna agus formheasanna ábhartha. Na próisis deonaithe ceadanna atá ann cheana le haghaidh measúnuithe thar réimsí éagsúla, is minic a bhíonn siad fada agus anásta, agus tionchar díreireach acu ar fhiontair mheánchaipitlithe bheaga agus ar FBManna. Níl forálacha uile-Aontais sna nósanna imeachta sin faoi láthair maidir le próisis bhrostithe a bhaineann go sonrach le gníomhaíochtaí ullmhachta cosanta, rud a chuireann bac ar bhorradh a chur faoi tháirgeadh cosanta agus faoin mbonneagar gaolmhar go tráthúil agus ar ghníomhaíochtaí agus infheistíochtaí ullmhachta cosanta atá rithabhachtach chun freastal ar éilimh slándála atá ag teacht chun cinn.

- (3) Ba cheart próisis deonaithe ceadanna na mBallstát le haghaidh tionscadail ullmhachta cosanta a chuíchóiriú, agus a áirithiú an tráth céanna go mbeidh na tionscadail sin sábháilte agus slán, agus go gcomhlíonfaidh siad ceanglais chomhshaoil, shóisialta, saothair agus sábháilteachta ag gach céim den phróiseas. Le dlí comhshaoil an Aontais, leagtar síos coinníollacha comhchoiteanna maidir le hinneachar agus próiseas deonaithe ceadanna náisiúnta, rud lena n-áirithítear ardleibhéal cosanta comhshaoil agus lena lamháiltear d'fhorbairt inbhuanaithe agus fhreagrach acmhainneachtaí tionsclaíocha cosanta agus shlabhra luacha amhábhair na hEorpa, agus moilleanna riaracháin nach bhfuil gá leo a d'fhéadfadh bac a chur ar ullmhacht cosanta á seachaint ag an am céanna. Ní bhaineann an Rialachán seo an bonn d'aon oibleagáidí lena n-eascraítear as reachtaíocht ábhartha eile de chuid an Aontais.
- (4) Le próisis deonaithe ceadanna náisiúnta atá casta agus fada, agus atá éagsúil ó Bhallstát amháin go Ballstát eile, baintear an bonn den tslándáil infheistíochta, den chinnteacht agus den phleanáil is gá d'oibreacha eacnamaíocha ar fud an Aontais agus chun ullmhacht cosanta na mBallstát a neartú go héifeachtach, agus tá baol ag baint leo go ndíspreagfar FBManna nuálacha agus fiontair mheánchaipitlithe bheaga ó dhul isteach san earnáil cosanta nó ó mhéadú inti. Is féidir le struchtúr agus fad an phróisis deonaithe ceadanna le haghaidh tionscadail ábhartha a bheith an-éagsúil ó Bhallstát go Ballstát freisin. Dá bhrí sin, chun a gcur chun feidhme éifeachtach a áirithiú agus dlús a chur leis, ba cheart do na Ballstáit próisis deonaithe ceadanna chuíchóirithe agus intuartha a chur i bhfeidhm maidir le tionscadail ullmhachta cosanta.

- (5) Bunaithe ar réamh-mheastacháin maidir le glacadh de réir a chéile na n-ionstraimí atá beartaithe faoi Phlean ReArm Europe/Ullmhacht 2030, d'fhéadfadh EUR 800 billiún ar a laghad a bheith san infheistíocht sa chosaint sna 4 bliana amach romhainn. Le leibhéal infheistíochta den sórt sin, tugtar deis freisin Bonn Tionsclaíoch agus Teicneolaíoch na Cosanta Eorpaí (BTTCE) a fhorbairt laistigh den mhargadh inmheánach, trí ghníomhaithe iomaíocha, nuálacha agus éagsúla i réimse na teicneolaíochta cosanta a chumasú chun rannpháirt éifeachtach a ghlacadh in BTTCE, agus rannpháirtíocht chothrom sa mhargadh cosanta á háirithiú ag an am céanna, lena n-áirítear FBManna, agus i gcomhréir iomlán le caighdeáin shóisialta, saothair, sábháilteachta agus chomhshaoil an Aontais agus le caighdeáin náisiúnta shóisialta, saothair, sábháilteachta agus chomhshaoil. Dá bhrí sin, tá sé bunriachtanach simpliú agus comhchuibhiú rialála a bheith ann ar bhealach lena bhfeabhsaítear éifeachtúlacht, trédhearcacht agus cuntasacht. Trí chreataí rialála a chuíchóiriú agus a ailíniú, is féidir leis an Aontas timpeallacht níos fabhraí a chruthú do thionscail chosanta chun oibriú, nuáil a dhéanamh agus na cumais is gá a tháirgeadh chun ullmhacht slándála agus cosanta na hEorpa a áirithiú.
- (6) Ba cheart ullmhacht cosanta a thuiscint mar chumas na mBallstát géarchéimeanna a bhaineann le cosaint a réamh-mheas, a chosc agus freagairt dóibh, dá dtagraítear i dTreoir 2009/81/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle³, trí chur chuige réamhghníomhach agus comhordaithe. Áirítear leis an gcur chuige sin infhaighteacht na hacmhainneachta tionsclaíche cosanta is gá a áirithiú chun na hacmhainní, na cumais agus an bonneagar is gá a fháil agus a choinneáil ar bun agus é mar aidhm leis freagairt go héifeachtach do ghéarchéimeanna den sórt sin.

³ Treoir 2009/81/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir le comhordú na nósanna imeachta um dhámhachtain i dtaca le conarthaí áirithe oibreacha, soláthair agus seirbhíse a dhéanann údaráis chonarthaigh nó eintitis chonarthaigh i réimse na cosanta agus na slándála, agus lena leasaítear Treoracha 2004/17/CE agus 2004/18/CE (IO L 216, 20.8.2009, lch. 76, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2009/81/oj>).

- (7) I bhfianaise na gconstaicí a sainaithníodh, is iomchuí bearta urghnácha a bhunú chun dlús a chur leis na próisis deonaithe ceadanna le haghaidh tionscadail ullmhachta cosanta ar fud an Aontais. Ba cheart feidhm a bheith ag na bearta sin maidir le tionscadail a shainaithníonn na Ballstáit mar thionscadail ullmhachta cosanta de réir bhrí an Rialacháin seo.
- (8) Féadfaidh tionscadail ullmhachta cosanta, lena n-áirítear gníomhaíochtaí gaolmhara tionsclaíocha agus rialtais, i gcás inarb infheidhme, teacht faoi raon feidhme fhorálacha dhlí an Aontais atá ann cheana, lena n-áirítear i réimse dhlí comhshaoil an Aontais, lena lamháiltear do mhaoluithe ar fhorais leasa phoiblí sháraithe, sábháilteachta poiblí nó mar fhreagairt ar ghéarchéim. Is féidir leis na Ballstáit maoluithe den sórt sin a úsáid i gcás inarb iomchuí chun críocha gníomhaíochtaí agus infheistíochtaí ullmhachta cosanta. Sa chomhthéacs sin, is uirlisí iad bearta cúiteacha nó maolaitheacha a bhféadfadh gá a bheith leo faoi chuimsiú an phróisis deonaithe ceadanna a bhfuil sé mar aidhm leo a áirithiú go ndéantar leasanna na n-earnálacha ábhartha a choimirciú ar bhealach comhréireach, d'fhonn cuspóir na hullmhachta cosanta a bhaint amach go tráthúil faoi 2030.
- (9) Cé go bhfuil bearta déanta ag Ballstáit áirithe nó gur dócha go ndéanfaidh siad bearta chun dlús a chur lena bpróisis deonaithe ceadanna don tionscal cosanta, d'fhéadfaí é sin a dhéanamh ar bhealaí éagsúla a mbeadh bacainní ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh san earnáil cosanta mar thoradh orthu. Tá éagsúlachtaí den sórt sin ina scrogaill anois do shlabhraí soláthair Eorpacha atá ábhartha do tháirgí cosanta. Chun feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a áirithiú, is gá rialacha agus amlínte comhchuibhithe a bhunú maidir le dlús a chur leis na próisis deonaithe ceadanna.

- (10) Cé gur féidir le hinstiúidí an Aontais treoraíocht agus creataí a sholáthar, is ar na Ballstáit go príomha atá an fhreagracht as próisis bhrostithe deonaithe ceadanna a údarú agus a éascú. Is iad na Ballstáit is fearr atá in ann na hathruithe a chur chun feidhme a fhreastalaíonn ar a dtimpeallachtaí sonracha riaracháin agus rialála.
- (11) Tá géarghá le laghdú a dhéanamh ar chastacht agus fad na bpróiseas deonaithe ceadanna le haghaidh tionscadail ullmhachta cosanta, agus a áirithiú ag an am céanna go mbeidh rochtain ar na próisis sin ag cuideachtaí meánchaipitlithe, fiontair mheánchaipitlithe bheaga agus FBManna lena rannchuidítear le forbairt teicneolaíochtaí cosanta nua agus atá ag teacht chun cinn.
- (12) I gcásanna géarchéime sa slabhra soláthair, is féidir leis an éiginnteacht bac a chur ar chinntí tráthúla agus ar phleanáil infheistíochta. Moltar do na Ballstáit faisnéis ábhartha maidir le rioscaí agus scrogaill sna slabhraí soláthair a chomhroinnt trí chreataí de chuid an Aontais atá seanbhunaithe le haghaidh comhar cosanta, chun tacú le leithdháileadh éifeachtúil acmhainní agus chun ullmhacht cosanta an Aontais a neartú, i gcomhréir iomlán le ceanglais slándála agus rúndachta náisiúnta.
- (13) Chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a sainaithníodh, tá sé tábhachtach go mbainfeadh oibreoirí eacnamaíocha atá gníomhach i réimse na cosanta tairbhe as rialacha a bhfuil sé cruthaithe ina leith go bhfuil siad éifeachtach chun próisis deonaithe ceadanna tionsclaíocha a chuíchóiriú, sprioc-amanna a laghdú chun ceadanna a dheonú do ghníomhaíochtaí an tionscail cosanta, lena n-áirítear chun gléasraí nua agus bonneagar gaolmhar a thógáil, na saoráidí atá ann cheana a leathnú, suíomhanna tástála a bhunú, oiliúint, deimhniú agus taighde agus forbairt a dhéanamh, lena n-áirítear fréamhshamhlacha a thógáil agus teicneolaíocht a aistriú, agus na forálacha is infheidhme atá ann cheana a fhorbairt agus a leathnú ag an am céanna.

- (14) Chun a áirithiú go gcumhdófar an slabhra luacha cosanta ina iomláine le próiseas cuíchóirithe deonaithe ceadanna, ba cheart a áireamh i gcoincheap an tionscail cosanta ní hamháin gnóthais a mhonaraíonn táirgí a bhaineann leis an gcosaint mar a shainmhínítear i dTreoir 2009/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁴, ach gnóthais a sholáthraíonn seirbhísí a bhaineann go díreach leis na táirgí sin freisin. Thairis sin, chun aghaidh a thabhairt ar na príomhscrogaill in infheistíochtaí cosanta, ba cheart a chumhdach leis an bpróiseas deonaithe ceadanna faoin Rialachán seo na ceadanna ábhartha uile, lena n-áirítear formheasanna nó ceadúnais is gá chun tionscadail ullmhachta cosanta a thógáil, a leathnú, a thiontú agus a oibriú nó chun cuspóir suiteálacha, trealaimh nó gníomhaíochtaí a athrú le haghaidh monarú táirgí nó comhpháirteanna cosanta, nó le haghaidh gníomhaíochtaí eile atá ina gcuid de thionscadal ullmhachta cosanta. Trí dheonú ceadanna den sórt sin a thabhairt faoi nós imeachta aonair atá comhordaithe agus faoi cheangal ama, ón deimhniú i dtaobh an bhfuil an t-iarratas ar chead comhlánaithe go dtí go dtugann an pointe teagmhála aonair fógra faoin gcinneadh cuimsitheach, laghdaítear ilroinnt, giorraítear amlínte nós imeachta agus feabhsaítear deimhneacht dhlíthiúil.

⁴ Treoir 2009/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, an 6 Bealtaine 2009 lena simplítear téarmaí agus coinníollacha aistrithe táirgí a bhaineann le cosaint laistigh den Chomhphobal (IO L 146, 10.6.2009, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2009/43/oj>).

- (15) Is cuid dhílis de phróisis deonaithe ceadanna é dlí an Aontais a chomhlíonadh, lena n-áirítear bainistiú dramhaíola agus cosaint uisce, aeir, éiceachóras, gnáthóg, láithreán seandálaíochta agus bithéagsúlachta, agus le haghaidh na hearnála cosanta freisin. Is coimirce fhíor-riachtanach iad na rialacha sin chun a áirithiú go ndéanfar tionchar diúltach a chosc nó a íoslaghdú. Mar sin féin, chun a áirithiú go mbeidh na próisis deonaithe ceadanna le haghaidh tionscadail ullmhachta cosanta intuartha agus tráthúil, ba cheart aon acmhainneacht chun cuíchóiriú na measúnuithe agus na n-údaruithe is gá a bhaint amach, agus sin gan, cuir i gcás, leibhéal na cosanta comhshaoil a ísliú an tráth céanna. Chuige sin, ba cheart a áirithiú go ndéanfar na measúnuithe is gá a chuachadh chun forluí neamhriachtanach a chosc.
- (16) Ar iarratas comhlánaithe ar chead a fháil, ba cheart do gach Ballstát, i bhfianaise a eagrúcháin riaracháin agus a riachtanas cosanta agus slándála náisiúnta, a chinneadh an gcáilíonn tionscadal atá lonnaithe ar a chríoch mar thionscadal ullmhachta cosanta.
- (17) Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go ndéanfar na próisis deonaithe ceadanna agus na nósanna imeachta um measúnú a cheanglaítear faoin dlí náisiúnta a eagrú ar bhealach comhordaithe lena gcomhlánaítear na nósanna imeachta sin a cheanglaítear faoi dhlí an Aontais, agus forluí, dúbláil agus moilleanna riaracháin nach bhfuil gá leo á seachaint, agus ardleibhéal cosanta comhshaoil á choinneáil ag an am céanna.

- (18) Chun muinín as simpliú na bpróiseas riaracháin, na nósanna imeachta brostaithe agus an margadh inmheánach a choimirciú, tá sé tábhachtach go mbeadh na pointí teagmhála aonair agus na húdaráis náisiúnta inniúla uile a bhfuil baint acu leis an bpróiseas deonaithe ceadanna neamhchlaonta agus go seasfadh siad le prionsabail na hiomaíochta córa, thrédhearcacht na cinnteoireachta, an fhoilsithe staidrimh neamhrúnda maidir le cinntí i ndáil le ceadanna agus an neamh-idirdhealaithe, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann le rochtain do FBManna agus do chuideachtaí de gach méid ar fud an Aontais.
- (19) Chun próiseáil éifeachtúil agus thráthúil na n-iarratas ar chead a bhaineann le gníomhaíochtaí ullmhachta cosanta agus uas-scálú an táirgthe cosanta a éascú, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go gcuirfidh na húdaráis náisiúnta inniúla nósanna imeachta brostaithe chun feidhme. Ba cheart do na húdaráis sin an chóir dhlíthiúil is tapa is féidir a sholáthar le haghaidh na n-iarratas ar chead sin, rud a chumasóidh freagairtí tráthúla do riachtanais ullmhachta cosanta.
- (20) Maidir le pointe teagmhála aonair a bhunú le haghaidh iarratais maidir le ceadanna a bhaineann le gníomhaíochtaí cosanta, tá sé sin ceaptha chun an chumarsáid a chuíchóiriú, freagrachtaí a shoiléiriú, ualaí riaracháin a laghdú agus an próiseas deonaithe ceadanna a bhrostú tuilleadh le sprioc-amanna soiléire atá ceangailteach ó thaobh dlí de, agus ar an gcaoi sin conair éifeachtúil a sholáthar d'iarratais a bhaineann leis an gcosaint. Thairis sin, tabharfaidh sé cinnteacht d'infheisteoirí trína áirithiú go gcaithfear le hiarratais ar chead go tapa agus trí na rioscaí d'infheistíochtaí a bhaineann le nósanna imeachta fadálacha a theorannú .

- (21) Ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann, nuair is gá chun a n-eagraíocht riaracháin dhíláráithe a léiriú, rogha a dhéanamh a bpointí teagmhála aonair a bhunú nó a ainmniú ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach nó náisiúnta, nó ar aon leibhéal riaracháin ábhartha eile. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go mbunófar sásraí comhordúcháin éifeachtacha agus go ngníomhóidh an pointe teagmhála aonair sin mar an t-aon chomhéadan amháin le haghaidh gach tionscadail. Ina theannta sin, ba cheart do na húdaráis inniúla ábhartha na ceanglais agus an méid faisnéise a iarrfar ar thionscnóir tionscadail a shonrú agus a chur ar fáil don phointe teagmhála aonair sula gcuirfear tús leis an bpróiseas deonaithe ceadanna. Ba cheart an pointe teagmhála aonair a bheith freagrach as an bhfaisnéis sin a chur in iúl don tionscnóir tionscadail. Ba cheart tionscnóirí tionscadail a bheith in ann idirghníomhú roimh an bpróiseas deonaithe ceadanna agus lena linn le pointe teagmhála aonair, arb é a bheidh freagrach as an bpróiseas deonaithe ceadanna ina iomláine a éascú agus a chomhordú. Ba cheart gur faoi na Ballstáit a mbeadh sé cinneadh a dhéanamh de bhua an dlí náisiúnta an féidir le pointe teagmhála aonair gníomhú mar údarás inniúil agus cinntí cuimsitheacha a eisiúint. Chun cur chun feidhme éifeachtach a bhfreagrachtaí a áirithiú, ba cheart do na Ballstáit pearsanra leordhóthanach agus acmhainní leordhóthanacha a sholáthar dá bpointí teagmhála aonair agus, lena chois sin, d'aon údarás a bhfuil baint aige leis an bpróiseas deonaithe ceadanna.

- (22) Chun dlús a chur le baint amach acmhainneacht oibríochtúil iomlán na bpointí teagmhála aonair, tá sé tábhachtach go mbainfeadh na Ballstáit leas, a mhéid is féidir, as comhlántacht fhéideartha leis na pointí teagmhála aonair atá ann cheana, mar shampla iad sin arna mbunú faoi Rialachán (AE) 2024/1735 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁵ nó Rialachán (AE) 2024/1252 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁶.
- (23) Ba cheart do na Ballstáit an tacaíocht riaracháin is gá a sholáthar do thionscadail ullmhachta cosanta atá lonnaithe ar a gcíoch, chun a gcur chun feidhme tráthúil agus éifeachtach a éascú. Tá sé tábhachtach a ráthú go gcaithfear le tionscnóirí tionscadail ar an mbealach céanna gan beann ar Bhallstát a mbunaíochta. Ina theannta sin, tá sé tábhachtach aird ar leith a thabhairt ar riachtanais FBManna agus cuideachtaí meánchaipitlithe, a mbíonn costais chomhlíontachta níos airde agus acmhainneacht riaracháin teoranta rompu go minic. Chuige sin, ba cheart don phointe teagmhála aonair treoraíocht shaincheaptha agus seirbhísí luathchomhairleoireachta a chur ar fáil do FBManna, do chuideachtaí meánchaipitlithe agus d'fhiontair mheánchaipitlithe bheaga. D'fhéadfaí a áireamh ar an tacaíocht sin deasca cabhrach, teimpléid chomhchuibhithe agus uirlisí digiteacha, lena dtugtar treoraíocht shoiléir maidir le ceanglais doiciméadachta agus chomhlíontachta agus cúnamh i rith an phróisis deonaithe ceadanna, ionas gur féidir le gníomhaithe beaga a bheith rannpháirteach go héifeachtach agus gan ualach riaracháin díréireach a bheith orthu.

⁵ Rialachán (AE) 2024/1735 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 maidir le creat beart a bhunú chun éiceachóras monaraíochta teicneolaíochta glan-nialasachta na hEorpa a neartú agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1724 (IO L, 2024/1735, 28.6.2024, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1735/oj>).

⁶ Rialachán (AE) 2024/1252 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 lena mbunaítear creat chun soláthar slán inbhuanaithe amhábhhar criticiúil a áirithiú agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 168/2013, (AE) 2018/858, (AE) 2018/1724 agus (AE) 2019/1020 (IO L, 2024/1252, 3.5.2024, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1252/oj>).

- (24) Ba cheart do phointí teagmhála aonair faisnéis ábhartha a bhailiú, a phróiseáil agus a thuairisciú ar bhealach comhsheasmhach agus tráthúil. Chun críocha na trédhearcachta, an fhaireacháin ex-post agus na hinchomparáideachta ar fud an Aontais, agus chun cur chun feidhme comhsheasmhach agus éifeachtúil an Rialacháin seo a chur chun cinn, ba cheart do na Ballstáit tuarascáil staidrimh a chur faoi bhráid an Choimisiúin, ar bhonn bliantúil, faoi chur i bhfeidhm an Rialacháin seo ina leagfar amach líon iomlán na n-iarratas ar chead a deonaíodh, lena n-áirítear na hiarratais sin a deonaíodh go hintuigthe, de bhun na nósanna imeachta a bhunaítear leis an Rialachán seo. Chun a mheas an rannchuidíonn na nósanna imeachta a bhunaítear leis an Rialachán seo go héifeachtach lena chuspóirí, ba cheart don Choimisiún meastóireacht thréimhsiúil a dhéanamh ar chur chun feidhme an Rialacháin seo, go háirithe a mhéid a bhaineann le hamlínte na bpróiseas deonaithe ceadanna, rannpháirtíocht FBManna i dtionscadail ullmhachta cosanta agus an sásra formheasa intuigthe.
- (25) Tá trédhearcacht agus rochtain chomhionann ar fhaisnéis ríthábhachtach chun próisis deonaithe ceadanna a chur chun feidhme go héifeachtach. Ba cheart rochtain a bheith ag tionscnóirí tionscadail uile, gan beann ar a mBallstát bunaíochta, ar fhaisnéis láraithe ar líne a bhfuil rochtain éasca uirthi, a mhéid atá foilsiú den sórt sin gan dochar don tslándáil náisiúnta agus aird chuí á tabhairt ar cheanglais rúndachta. Ba cheart a áireamh san fhaisnéis sin mionsonraí maidir le pointí teagmhála aonair, próisis deonaithe ceadanna, sásraí um réiteach díospóidí, seirbhísí maoiniúcháin agus infheistíochta agus na hionstraimí cistiúcháin de chuid an Aontais nó na hionstraimí cistiúcháin náisiúnta atá ar fáil.

- (26) Ba cheart do na Ballstáit malartú digiteach a áirithiú idir an tionscnóir tionscadail, an pointe teagmhála aonair agus na húdaráis inniúla, lena n-áirítear trí thairseach idir-inoibritheach i gcás ina mbeidh sí ar fáil, chun tíolacadh leictreonach doiciméad a éascú agus, i gcás inar féidir, athúsáid faisnéise a éascú, ar faisnéis í a tíolacadh cheana faoi nósanna imeachta eile de chuid an Aontais nó faoi nósanna imeachta náisiúnta eile.
- (27) Ba cheart don Choimisiún, arna iarraidh sin do Bhallstát, tacaíocht fothaithe acmhainneachta a thairiscint don phointe teagmhála aonair, lena n-áirítear cúnamh teicniúil, oiliúint, faireachán agus meastóireacht, agus é mar aidhm leis sin forbairt agus neartú a dhéanamh ar na cumais, na próisis agus na hacmhainní nach mór do na pointí teagmhála aonair a fhorbairt chun críocha an Rialacháin seo. Ba cheart don Choimisiún a dhícheall a dhéanamh tús áite a thabhairt d'iarrataí den sórt sin. Tagann tacaíocht den sórt sin faoi raon feidhme gníomhaíochtaí tacaíochta faoi Rialachán (AE) 2025/2643 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁷.
- (28) Chun soiléireacht a áirithiú maidir le stádas ceada na dtionscadal ullmhachta cosanta agus chun tionchar na dlíthíochta mí-úsáidí a d'fhéadfadh a bheith ann a theorannú, agus gan an bonn a bhaint d'athbhreithniú breithiúnach éifeachtach, ba cheart aon díospóid a bhaineann leis an bpróiseas deonaithe ceadanna a réiteach go tráthúil. Chuige sin, ba cheart caitheamh le tionscadail ullmhachta cosanta mar thionscadail phráinneacha i ngach nós imeachta riaracháin, breithiúnach agus réitigh díospóidí a bhaineann leis na tionscadail sin a mhéid a fhoráiltear do nósanna imeachta práinne den sórt sin sa dlí náisiúnta.

⁷ Rialachán (AE) 2025/2643 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2025 lena mbunaítear an Clár um an Tionscal Cosanta Eorpach agus creat beart chun infhaighteacht agus soláthar tráthúil táirgí cosanta a áirithiú ('Rialachán EDIP') (IO L, 2025/2643, 29.12.2025, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2025/2643/oj>).

- (29) Chun an tslándáil agus an tsoiléireacht is gá a sholáthar do thionscnóirí tionscadail agus d'infheisteoirí eile chun méadú a dhéanamh ar fhorbairt na dtionscadal ullmhachta cosanta, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú nach rachaidh an próiseas deonaithe ceadanna a bhaineann leis na tionscadail sin thar na teorainneacha ama réamhshocráithe. Leis an Rialachán seo, leagtar síos an teorainn ama chaighdeánach 42 lá oibre don phróiseas deonaithe ceadanna agus déantar foráil maidir le solúbthacht chun síneadh a chur leis an teorainn ama sin i gcásanna áirithe. Chun moilleanna gan údar a sheachaint, ba cheart go dteorannófaí an fhéidearthacht síneadh a chur leis an teorainn ama sin do na himthosca eisceachtúla a leagtar amach sa Rialachán seo. Ba cheart aon síneadh ar an bpróiseas deonaithe ceadanna a bheith bunaithe ar chúiseanna atá sainaitheanta go soiléir agus cuí-réasúnaithe. Ba cheart don phointe teagmhála aonair míniú cuí-réasúnaithe a sholáthar lena léirítear gurb ann d'imthosca eisceachtúla agus go bhfuil gá le ham breise chun na measúnuithe atá fós le déanamh a chur i gcrích. Ba cheart na cúiseanna leis an síneadh agus dáta ionchasach an chinnidh chuimsithigh a chur in iúl i scríbhinn don tionscnóir tionscadail ar bhealach tráthúil agus trédhearcach.
- (30) Ba cheart tús a chur leis an bpróiseas deonaithe ceadanna nuair a thugann an pointe teagmhála aonair fógra don tionscnóir tionscadail go bhfuil an t-iarratas ar chead a fuarthas comhlánaithe agus ba cheart deireadh a chur leis nuair a thugann an pointe teagmhála aonair fógra don tionscnóir tionscadail faoin gcinneadh cuimsitheach.

- (31) I gcás ina gceanglaítear, faoi dhlí an Aontais nó faoin dlí náisiúnta, tuairisc ar mheasúnú tionchair ar an gcomhshaol nó measúnuithe eile mar chuid de phróiseas deonaithe ceadanna, níor cheart a mheas go bhfuil iarratas ar chead comhlánaithe chun críocha an Rialacháin seo ach amháin i gcás ina bhfuil an tuairisc ar mheasúnú tionchair ar an gcomhshaol nó measúnuithe eile soláthartha ag an tionscnóir tionscadail. I gcás inarb ábhartha, ba cheart do na húdaráis náisiúnta inniúla a n-oibleagáidí measúnaithe a chomhlíonadh, lena n-áirítear iad siúd de bhun Threoir 2011/92/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁸, go háirithe Airteagal 1(2), pointe (g)(iii), (iv) agus (v) de, nó aon mheasúnú eile a cheanglaítear faoi dhlí an Aontais nó faoin dlí náisiúnta, roimh dheireadh an phróisis deonaithe ceadanna. Thairis sin, ba cheart an measúnú comhcheangailte dá dtagraítear sa Rialachán seo a dhéanamh ar bhealach nach mbeidh fadú ar na teorainneacha ama a leagtar amach sa Rialachán seo mar thoradh air.

⁸ Treoir 2011/92/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2011 maidir le measúnú a dhéanamh ar éifeachtaí tionscadal poiblí agus príobháideach áirithe ar an gcomhshaol (IO L 26, 28.1.2012, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2011/92/oj>).

- (32) Ar dhul in éag na dteorainneacha ama dá bhforáiltear faoin Rialachán seo, i gcás nár cuireadh an tionscnóir tionscadail ar an eolas faoi thoradh an phróisis deonaithe ceadanna, ba cheart a mheas gur deonaíodh na ceadanna lena mbaineann agus ba cheart a mheas go raibh an tionscnóir tionscadail údaraithe chun an tionscadal ullmhachta cosanta a chur chun feidhme. Ba cheart don phointe teagmhála aonair an tionscnóir tionscadail a chur ar an eolas faoin bhformheas intuigthe laistigh de 8 lá oibre agus, i gcás inarb ábhartha, na coinníollacha agus na ceanglais a bhfuil na ceadanna sin faoina réir a shonrú, i gcomhréir le dlí an Aontais nó leis an dlí náisiúnta is infheidhme. Tá formheas intuigthe den sórt sin gan dochar d'oibleagáidí na mBallstát scrúduithe cás ar chás, nósanna imeachta um measúnú nó comhairliúcháin phoiblí a dhéanamh, atá le déanamh de bhun dhlí an Aontais nó an dlí náisiúnta. Ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann maolú ar an riail ghinearálta trí lamháil d'údarais inniúla gan an formheas intuigthe a chur i bhfeidhm maidir le hiarratas sonrach ar chead i gcás inar féidir leis an údarás inniúil a léiriú ar bhonn fianaise chuí-réasúnaithe agus infhíoraithe go bhfuil riosca tromchúiseach do shláinte an duine, nó don tslándáil náisiúnta, ag baint leis an tionscadal sonrach. D'fhéadfadh rioscaí a eascraíonn as éifeachtaí comhshaoil a bheith san áireamh freisin sna rioscaí do shláinte an duine. Ba cheart aon mhaolú a theorannú don mhéid a bhfuil fíorghá leis chun aghaidh a thabhairt ar an riosca sainaitheanta.
- (33) Tá an Rialachán seo gan dochar do na hoibleagáidí a eascraíonn as an dlí idirnáisiúnta, i gcás inarb ábhartha.

- (34) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir an Rialacháin seo, eadhon foráil a dhéanamh do phróisis deonaithe ceadanna na mBallstát atá cuíchóirithe agus brostaithe le haghaidh tionscadail ullmhachta cosanta, a ghnóthú go leordhóthanach toisc go mbeadh bacainní ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh san earnáil cosanta mar thoradh ar reachtaíocht éagsúil chun dlús a chur leis na próisis deonaithe ceadanna don tionscal cosanta agus, de bharr an gá atá le forálacha comhchuibhithe uile-Aontais a bheith ann, gur fearr is féidir é a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a ghnóthú.
- (35) Tá an Rialachán seo gan dochar d'fhreagracht na mBallstát an tslándáil náisiúnta a choimirciú agus do chineál sonrach beartais slándála agus cosanta Ballstát áirithe. Fanfaidh an tslándáil náisiúnta, go háirithe, ina freagracht ar gach Ballstát faoi leith agus air siúd amháin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ábhar

Bunaítear sa Rialachán seo rialacha comhchoiteanna maidir le dlús a chur le próisis deonaithe ceadanna le haghaidh tionscadail ullmhachta cosanta.

Airteagal 2

Sainmhínithe

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

- (1) ciallaíonn ‘tionscadal ullmhachta cosanta’ sraith gníomhaíochtaí, infheistíochtaí agus beart arb é is aidhm dóibh ullmhacht cosanta Ballstáit amháin nó níos mó a fheabhsú go comhpháirteach, lena n-áirítear tríd an tionscal cosanta a fhorbairt nó a nuachóiriú ;
- (2) ciallaíonn ‘tionscal cosanta’ gach gnóthas atá ag gabháil do thaighde, forbairt, táirgeadh, monarú nó soláthar táirgí a bhaineann le cosaint mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1) de Threoir 2009/43/CE nó do sholáthar seirbhísí a bhaineann go díreach leis na táirgí sin d’aon ghné agus gach gné dá saolré;
- (3) ciallaíonn ‘ullmhacht cosanta’ staid ullmhachta Ballstáit nó roinnt Ballstát chun géarchéim, mar a shainmhínítear in Airteagal 1, pointe (10) de Threoir 2009/81/CE, a réamh-mheas, a chosc nó chun freagairt di, ar géarchéim í a bhaineann le cosaint;

- (4) ciallaíonn ‘cuideachta mheánchaipitlithe’ cuideachta mheánchaipitlithe mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (15), de Rialachán (AE) 2021/697 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁹;
- (5) ciallaíonn ‘fiontar meánchaipitlithe beag’ fiontar meánchaipitlithe beag mar a shainmhínítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Moladh (AE) 2025/1099 ón gCoimisiún¹⁰;
- (6) ciallaíonn ‘fiontar beag agus fiontar meánmhéide’ nó ‘FBM’ fiontair bheaga nó fiontair mheánmhéide mar a shainmhínítear in Airteagal 2 den Iarscríbhinn a ghabhann le Moladh 2003/361/CE ón gCoimisiún¹¹.
- (7) ciallaíonn ‘próiseas deonaithe ceadanna’ próiseas lena gcumhdaítear na ceadanna ábhartha uile, lena n-áirítear formheasanna nó ceadúnais, a bhfuil gá leo chun tionscadail ullmhachta cosanta a thógáil, a leathnú, a thiontú agus a oibriú nó chun tionscadail ullmhachta cosanta a dhéanamh d'aon suiteáil, trealamh nó gníomhaíocht trí bhíthin athrú cuspóra agus na céimeanna riaracháin uile is gá ón deimhniú go bhfuil an t-iarratas ar chead comhlánaithe go dtí go dtugann an pointe teagmhála aonair lena mbaineann fógra faoin gcinneadh cuimsitheach maidir le toradh an phróisis;

⁹ Rialachán (AE) 2021/697 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2021 lena mbunaítear an Ciste Eorpach Cosanta agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2018/1092 (IO L 170, 12.5.2021, lch. 149, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2021/697/oj>).

¹⁰ Moladh (AE) 2025/1099 ón gCoimisiún an 21 Bealtaine 2025 maidir leis an sainmhíniú ar fhiontair mheánchaipitlithe (mid-cap) bheaga (IO L, 2025/1099, 28.5.2025, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reco/2025/1099/oj>).

¹¹ Moladh 2003/361/CE ón gCoimisiún an 6 Bealtaine 2003 maidir leis an sainmhíniú ar mhicrifhiontair agus fiontair bheaga agus mheánmhéide (IO L 124, 20.5.2003, lch. 36, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reco/2003/361/oj>).

- (8) ciallaíonn ‘tionscnóir tionscadail’ aon ghnóthas nó aon chuibhreannas gnóthas a fhorbraíonn tionscadal ullmhachta cosanta;
- (9) ciallaíonn ‘cinneadh cuimsitheach’ an cinneadh a dhéanann na húdaráis inniúla lena gcinntear cé acu atá an tionscnóir tionscadail údaraithe chun tionscadal ullmhacht cosanta a chur chun feidhme, gan dochar d’aon chinneadh a dhéantar i gcomhthéacs nós imeachta achomhairc;

Airteagal 3

Tionscadal ullmhachta cosanta a ainmniú

Cinnfidh na Ballstáit cé na tionscadail a cháilíonn mar thionscadal ullmhacht cosanta faoin Rialachán seo.

Airteagal 4

Pointe teagmhála aonair

1. Faoin ... [3 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], bunóidh nó ainmneoidh gach Ballstát údarás amháin mar phointe teagmhála aonair ar an leibhéal riaracháin ábhartha. Beidh an pointe teagmhála aonair an t-aon phointe teagmhála don tionscadal ullmhachta cosanta.

2. I gcás inar gá chun a eagraíocht riaracháin dhíláráithe a léiriú, féadfaidh Ballstát níos mó ná pointe teagmhála aonair amháin a bhunú nó a ainmniú de bhun mhír 1. Áiríteoidh an Ballstát sin go mbunófar sásraí comhordúcháin éifeachtacha agus go soláthróidh siad uirlisí a chuideoidh le tionscnóirí tionscadail an pointe teagmhála aonair iomchuí do thionscadal ullmhachta cosanta a shainaithint agus go ngníomhóidh an pointe teagmhála aonair sin mar an t-aon chomhéadan amháin le haghaidh an tionscadail sin.
3. Beidh an pointe teagmhála aonair freagrach as an bpróiseas deonaithe ceadanna a éascú agus a chomhordú agus as faisnéis a sholáthar maidir leis na próisis riaracháin a chuíchóiriú i gcomhréir le hAirteagal 5, lena n-áirítear faisnéis don tionscnóir tionscadail maidir le cathain a mheastar iarratas a bheith comhlánaithe i gcomhréir le hAirteagal 7(1). Arna iarraidh sin don tionscnóir tionscadail, roimh an iarratas ar chead, tabharfaidh an pointe teagmhála aonair faisnéis ar an bpróiseas deonaithe ceadanna freisin, lena n-áirítear an doiciméadacht atá le tíolacadh mar chuid den iarratas agus na ceanglais faoina bhféadfar tionscadal a mheas mar thionscadal ullmhachta cosanta faoin Rialachán seo. Ní dhéanfaidh soláthar na faisnéise sin réamhbhreith ar chinneadh na n-údarás inniúil a chinneadh an gcáilíonn tionscadal mar thionscadal ullmhachta cosanta.
4. Agus é an t-aon phointe teagmhála don tionscnóir tionscadail sa phróiseas deonaithe ceadanna le haghaidh tionscadal ullmhachta cosanta, déanfaidh an pointe teagmhála aonair tíolacadh na ndoiciméad agus na faisnéise ábhartha uile a chomhordú agus a éascú agus tabharfaidh sé fógra don tionscnóir tionscadail faoin gcinneadh cuimsitheach. I gcás ina bhforáiltear amhlaidh ag na Ballstáit, féadfaidh an pointe teagmhála aonair gníomhú mar údarás inniúil freisin agus cinntí cuimsitheacha a éisiúint.

5. Ceadófar do thionscnóirí tionscadail aon doiciméad atá ábhartha maidir leis an bpróiseas deonaithe ceadanna a chur isteach i bhfoirm leictreonach. Áiritheoidh na Ballstáit an malartú digiteach doiciméadachta idir an t-údarás náisiúnta, an pointe teagmhála aonair agus na tionscnóirí tionscadail, lena n-áirítear trí thairseach idir-inoibritheach i gcás ina mbeidh sí ar fáil.
6. Áiritheoidh na húdaráis inniúla, a chomhordóidh an pointe teagmhála aonair, go gcuirfear san áireamh aon staidéir ábhartha a dhéantar, nó aon cheadanna nó údaruithe a eisítear, le haghaidh tionscadal ar leith agus le haghaidh tionscnóirí tionscadail agus nach mbeidh gá le staidéir, ceadanna ná údaruithe dúblacha, mura gceanglaítear a mhalairt faoi dhlí an Aontais nó faoin dlí náisiúnta.
7. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh ball foirne cáilithe leordhóthanach agus acmhainní leordhóthanacha airgeadais, teicniúla agus digiteacha , lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, le haghaidh an uas-scilithe agus an athscilithe, ag an bpointe teagmhála aonair agus na húdaráis náisiúnta uile atá freagrach as aon chéim sa phróiseas deonaithe ceadanna, lena n-áirítear gach céim ghnásúil, chun a gcuid cúraimí faoin Rialachán seo a chomhlíonadh go héifeachtach.
8. Déanfaidh na húdaráis inniúla atá rannpháirteach sa phróiseas deonaithe ceadanna agus údaráis eile lena mbaineann na ceanglais agus an fhaisnéis uile a iarrfar ar thionscnóir tionscadail a shonrú agus a chur ar fáil don phointe teagmhála aonair lena mbaineann sula gcuirfear tús leis an bpróiseas deonaithe ceadanna.

9. Arna iarraidh sin do Bhallstát, tabharfaidh an Coimisiún cúnamh d'údaráis an Bhallstáit sin maidir le fothú acmhainneachta chun tacú le cur chun feidhme an Rialacháin seo, go háirithe le cúnamh teicniúil maidir le pointe teagmhála aonair agus tairseach idir-inoibritheach a bhunú nó a oibriú. Déanfaidh an Coimisiún a dhícheall tús áite a thabhairt d'iarrataí den sórt sin.
10. I gcás ina mbeidh tionscadal ullmhachta cosanta ina thionscadal trasteorann laistigh den Aontas, déanfaidh na Ballstáit lena mbaineann an comhordú agus an malartú faisnéise tráthúil a áirithiú, gan dochar don tslándáil náisiúnta agus do cheanglais rúndachta.

Airteagal 5

Rochtain ar fhaisnéis ar líne

Soláthróidh na Ballstáit rochtain phoiblí ar an bhfaisnéis seo a leanas maidir le próisis deonaithe ceadanna atá ábhartha do thionscadail ullmhachta cosanta, ar líne agus ar bhealach láraithe agus inrochtana go héasca, a mhéid a bheidh an foilsiú sin gan dochar don tslándáil náisiúnta agus aird chuí á tabhairt ar cheanglais rúndachta:

- (a) na pointí teagmhála aonair dá dtagraítear in Airteagal 4(1);
- (b) an próiseas deonaithe ceadanna, lena n-áirítear faisnéis maidir le réiteach díospóidí a bhaineann leis an bpróiseas deonaithe ceadanna agus, i gcás inarb infheidhme, maidir le sásraí malartacha um réiteach díospóidí, má dhéantar foráil maidir leis na nósanna imeachta sin sa dlí náisiúnta;

- (c) seirbhísí maoiniúcháin agus infheistíochta le haghaidh tionscadail ullmhachta cosanta;
- (d) deiseanna cistiúcháin ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal na mBallstát le haghaidh tionscadail ullmhachta cosanta;
- (e) seirbhísí tacaíochta gnó, lena n-áirítear seirbhísí tacaíochta do dhearbhuí cánach corparáide, dlíthe cánach áitiúla nó, i gcás inarb ábhartha agus i gcomhréir le cleachtais náisiúnta, dlí an tsaothair, ach gan bheith teoranta dóibh sin, le haghaidh tionscadail ullmhachta cosanta;
- (f) treoirilínte agus teimpléid arna soláthar le haghaidh iarratais chaighdeánaithe ar chead i gcás ina mbeidh siad ar fáil;

Airteagal 6

An cur chun feidhme a luathú

Soláthróidh na Ballstáit tacaíocht riaracháin do thionscadail ullmhachta cosanta atá lonnaithe ar a gcríoch, agus aird ar leith á tabhairt ar FBManna agus ar chuideachtaí meánchaipitlithe, lena n-áirítear fiontair mheánchaipitlithe bheaga, atá rannpháirteach sna tionscadail sin, tríd an méid seo a leanas, *inter alia*, a sholáthar:

- (a) cúnamh maidir le comhlíonadh na n-oibleagáidí riaracháin agus tuairiscithe is infheidhme, lena n-áirítear faoin dlí sláinte, comhshaoil, sábháilteachta, sóisialta agus saothair de chuid an Aontais agus faoin dlí sláinte, comhshaoil, sábháilteachta, sóisialta agus saothair náisiúnta, i gcás inarb ábhartha;
- (b) cúnamh do thionscnóirí tionscadail chun an pobal a chur ar an eolas faoin tionscadal;
- (c) cúnamh do thionscnóirí tionscadail i rith an phróisis deonaithe ceadanna ;
- (d) comhordú agus cúnamh do thionscnóirí tionscadail de thionscadail ullmhachta cosanta a bhfuil gné thrasteorann ag baint leo.

Airteagal 7

Seiceáil maidir leis an iarratas ar chead a bheith comhlánaithe

1. Tráth nach déanaí ná 14 lá oibre ón iarratas ar chead a fháil, cuirfidh an pointe teagmhála aonair an t-iarratasóir ar an eolas faoi cibé an bhfuil feidhm ag an Rialachán seo agus dearbhóidh sé cibé an bhfuil an t-iarratas comhlánaithe.

2. Más rud é, le linn na tréimhse dá dtagraítear i mír 1, go gcinntear go bhfuil faisnéis in easnamh ón iarratas ar chead, iarrfaidh an pointe teagmhála aonair ar an tionscnóir tionscadail an fhaisnéis atá is easnamh a thíolacadh, agus sonróidh sé cén fhaisnéis atá in easnamh.

Má mheastar go bhfuil an t-iarratas ar chead arna chur isteach neamhchomhlánaithe den dara huair, féadfaidh an pointe teagmhála aonair, laistigh de 10 lá oibre ón dara hiarratas a chur isteach, an dara hiarraidh, arb í an iarraidh deiridh í, ar fhaisnéis a dhéanamh. Ní iarrfaidh an pointe teagmhála aonair faisnéis i réimsí nach gcumhdaítear sa chéad iarraidh ar fhaisnéis agus ní bheidh sé i dteideal ach tuilleadh fianaise a iarraidh chun an fhaisnéis a sainathnódh a bheith in easnamh a chomhlánú. Má mheastar go bhfuil an t-iarratas ar chead neamhchomhlánaithe den tríú huair, measfar an próiseas a bheith foirceanta chun críocha an Rialacháin seo.

3. I gcás ina bhfuil gá le tuairisc ar mheasúnú tionchair ar an gcomhshaol nó measúnuithe eile mar chuid den iarratas ar chead, ní mheasfar iarratas ar chead a bheith comhlánaithe chun críocha an Rialacháin seo go dtí go mbeidh an chuid de na measúnuithe sin a thagann faoi fhreagracht an tionscnóra tionscadail curtha i gcríoch agus san áireamh san iarratas ar chead.

4. Is é an dáta a thabharfaidh an pointe teagmhála aonair fógra don tionscnóir tionscadail go bhfuil iarratas comhlánaithe ar chead faighte aige, fónfaidh sé mar thús an phróisis deonaithe ceadanna.

Airteagal 8

Fad tréimhse an phróisis deonaithe ceadanna

1. Ní bheidh an próiseas deonaithe ceadanna, lena n-áirítear deonú an cheada ábhartha, níos faide ná 42 lá oibre ón dáta a thabharfaidh an pointe teagmhála aonair fógra don tionscnóir tionscadail go bhfuil iarratas comhlánaithe ar chead faighte aige i gcomhréir le hAirteagal 7(1) agus (4).
2. I ndlúthchomhar leis na húdaráis inniúla, déanfaidh an pointe teagmhála aonair sceideal a tharraingt suas don phróiseas deonaithe ceadanna agus comhroinnfidh sé an sceideal sin leis an tionscnóir tionscadail ag tús an phróisis deonaithe ceadanna.
3. I gcás ina mbeidh modhnú nó síneadh ar shaoráid atá ann cheana agus atá údaraithe cheana faoin dlí náisiúnta i gceist le tionscadal ullmhachta cosanta, cinnfidh an t-údarás inniúil an bhfuil cead nua nó nuashonraithe ag teastáil le haghaidh an mhodhnaithe, nó an bhféadfaidh sé dul ar aghaidh faoin údarú atá ann cheana, ar choinníoll nach ndéanfar difear do chaighdeáin chomhshaoil, sláinte agus sábháilteachta.

4. I gcás ina n-éilítear le tionscadail ullmhachta cosanta go ndéanfaí roinnt saoráidí nó aonad a thógáil, bíodh siad ar láithreán amháin nó thar iliomad láithreán, féadfaidh an tionscnóir tionscadail, i gcomhaontú leis an bpointe teagmhála aonair, an tionscadal a roinnt ina thionscadail níos lú chun na teorainneacha ama is infheidhme a chomhlíonadh. I gcás tionscadail roinnte den sórt sin, is é dáta tosaigh an phróisis deonaithe ceadanna do gach tionscadal an dáta a thabharfaidh an pointe teagmhála aonair fógra don tionscnóir tionscadail go bhfuil iarratas comhlánaithe ar chead faighte aige i gcomhréir le hAirteagal 7 (1) agus (4).
5. De mhaolú ar mhír 1, agus ar bhonn cás ar chás, féadfaidh an t-údarás inniúil síneadh faoi dhó suas go 60 lá oibre ar a mhéad a chur leis an teorainn ama dá dtagraítear i mír 1, sna cásanna seo a leanas:
- (a) nuair is gá sin de bharr chineál eisceachtúil, chastacht, shuíomh, nó mhéid an tionscadail; nó
 - (b) nuair atá rioscaí eisceachtúla ag baint leis an tionscadal ullmhachta cosanta ar rioscaí iad do shláinte agus sábháilteacht oibrithe nó an phobail i gcoitinne, nó riosca eisceachtúil don chomhshaol, agus tá gá le ham breise chun measúnú leormhaith a dhéanamh ar na rioscaí sin.
- Sna cásanna dá dtagraítear sa chéad fhomhír, ní rachaidh fad iomlán tréimhse an phróisis deonaithe ceadanna thar 102 lá oibre.
6. Tabharfaidh an pointe teagmhála aonair fógra i scríbhinn don tionscnóir tionscadail faoi aon síneadh ar an teorainn ama dá dtagraítear i mír 1 laistigh de thréimhse réasúnach ama sula rachaidh an teorainn ama sin in éag. Áireofar san fhógra sin an míniú cuí-réasúnaithe ar na cúiseanna leis an síneadh agus dáta ionchasach an chinnidh chuimsithigh.

7. Na teorainneacha ama a leagtar síos san Airteagal seo d'aon cheann de na próisis deonaithe ceadanna, beidh siad gan dochar d'aon teorainn ama níos giorra arna bunú ag na Ballstáit.
8. I gcás nach gcuirfidh an pointe teagmhála aonair an tionscnóir tionscadail ar an eolas faoi thoradh an phróisis deonaithe ceadanna laistigh den teorainn ama a leagtar amach i mír 1 nó, i gcás inarb infheidhme, laistigh den teorainn ama sínithe, i gcomhréir le míreanna 5 , measfar gur deonaíodh na ceadanna a chumhdaítear leis an iarratas.
9. I gcás ina measfar gur deonaíodh na ceadanna de bhun mhír 8, déanfaidh an pointe teagmhála aonair laistigh de 8 lá oibre ó dhul in éag na dteorainneacha ama a leagtar amach de bhun mhíreanna 1 agus 5, an tionscnóir tionscadail a chur ar an eolas faoin méid sin agus, i gcás inarb ábhartha, sonróidh sé na coinníollacha agus ceanglais a bhfuil na ceadanna sin faoina réir, i gcomhréir le dlí an Aontais nó dlí náisiúnta is infheidhme. Áiritheoidh na Ballstáit go bhféadfaidh na páirtithe dá ndéantar difear agóid a dhéanamh in aghaidh ceadanna a mheastar a bheith deonaithe de bhun mhír 8.
10. De mhaolú ar mhír 8, féadfaidh na Ballstáit, sa dlí náisiúnta arna ghlacadh faoin... [12 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], foráil a dhéanamh nach mbeidh feidhm ag formheas intuigthe i gcomhréir le mír 8 i gcásanna eisceachtúla atá teoranta go docht. Ní dhéanfar cinneadh gan formheas intuigthe a chur i bhfeidhm ach amháin tar éis measúnú cás ar chás, i gcás ina léiríonn an t-údarás inniúil, ar bhonn fianaise chuí-réasúnaithe agus infhíoraithe, go bhfuil riosca tromchúiseach do shláinte an duine nó don tslándáil náisiúnta ag baint leis an tionscadal sonrath.

Déanfar aon mhaolú a theorannú don mhéid a bhfuil fíorghá leis chun aghaidh a thabhairt ar an riosca sainaitheanta. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoi ghlacadh an dlí náisiúnta sin gan moill mhíchuí, agus mí amháin ar a laghad sula dtiocfaidh sí i bhfeidhm. Aon chinneadh gan formheas intuigthe a chur i bhfeidhm maidir le hiarratas aonair ceada, beidh sé gan dochar do na teorainneacha ama a leagtar amach i míreanna 1 agus 5, agus déanfar é a ghlacadh agus fógra a thabhairt don tionscnóir tionscadail ina leith sula rachaidh na teorainneacha ama a leagtar amach iontu in éag. Áireofar ann réasúnú mionsonraithe, fianaise-bhunaithe lena léireofar comhlíonadh na gcoinníollacha a leagtar amach sa mhír seo.

Airteagal 9

Pleanáil

1. Déanfaidh údaráis náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla atá freagrach as pleananna a ullmhú, lena n-áirítear criosú, pleananna spásúlachta agus pleananna úsáide talún, i gcás inar iomchuí, forálacha a chur leis na pleananna sin, maidir le forbairt tionscadal ullmhachta cosanta agus maidir leis an mbonneagar is gá. Chun forbairt tionscadal ullmhachta cosanta a éascú, áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh na sonraí ábhartha neamhrúnda maidir le pleanáil spásúlachta ar fáil ar líne i gcomhréir le hAirteagal 5 agus le dlí is infheidhme an Aontais agus leis an dlí náisiúnta is infheidhme.

2. I gcás ina mbeidh forálacha le haghaidh forbairt tionscadal ullmhachta cosanta i bpleananna, agus forálacha le haghaidh an bhonneagair is gá ina leith, agus ina mbeidh siad faoi réir measúnú de bhun Threoir 2001/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹² agus de bhun Airteagal 6 de Threoir 92/43/CEE ón gComhairle¹³, cuirfear na measúnuithe sin le chéile. I gcás inarb infheidhme, tabharfar aghaidh sa mheasúnú comhcheangailte sin freisin ar an tionchar ar na dobharlaigh a bhféadfadh sé go ndéanfaí difear dóibh dá dtagraítear i dTreoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹⁴.

I gcás ábhartha, ceanglaítear ar Bhallstáit measúnú a dhéanamh ar thionchar na ngníomhaíochtaí atá á ndéanamh anois agus a dhéanfar amach anseo ar an muirthimpeallacht, lena n-áirítear idirghníomhaíochtaí idir an talamh agus an fharraige, dá dtagraítear in Airteagal 4 de Threoir 2014/89/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹⁵, cumhdófar an tionchar sin leis an measúnú comhcheangailte freisin. Má chomhcheanglaítear measúnuithe de bhun na míre seo, ní dhéanfaidh sé sin difear dá n-inneachar ná dá gcáilíocht. Déanfar an measúnú comhcheangailte ar bhealach nach mbeidh fadú ar na teorainneacha ama a leagtar amach sa Rialachán seo mar thoradh air.

¹² Treoir 2001/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Meitheamh 2001 maidir le measúnú a dhéanamh ar éifeachtaí pleananna agus clár áirithe ar an gcomhshaol (IO L 197, 21.7.2001, lch. 30, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2001/42/oj>).

¹³ Treoir 92/43/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1992 maidir le caomhnú gnáthóg nádúrtha agus fána agus flóra fiáine (IO L 206, 22.7.1992, lch. 7, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/1992/43/oj>).

¹⁴ Treoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2000 lena mbunaítear creat i gcomhair gníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais uisce (IO L 327, 22.12.2000, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2000/60/oj>).

¹⁵ Treoir 2014/89/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 lena mbunaítear creat don phleanáil spásúlachta mhuirí (IO L 257, 28.8.2014, lch. 135, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2014/89/oj>).

Airteagal 10

Stádas tosaíochta na dtionscadal ullmhachta cosanta

Maidir le gach nós imeachta um réiteach díospóidí, dlíthíocht, achomharc agus leigheas breithiúnach chomh maith le gach imeacht riaracháin, a bhaineann le tionscadail ullmhachta cosanta os comhair aon chúirt, binse, comhlacht nó painéal náisiúnta, lena n-áirítear maidir le hidirghabháil nó eadráin, i gcás inar ann dóibh sa dlí náisiúnta, caithfear leo mar ábhair phráinneacha, más rud é agus a mhéid a dhéantar foráil sa dlí náisiúnta a bhaineann leis na próisis deonaithe ceadanna ábhartha maidir leis na nósanna imeachta práinne, ar choinníoll go n-urramaítear na cearta cosanta is infheidhme agus an ceart chun leigheas éifeachtach a fháil do dhaoine aonair nó do phobail áitiúla. Glacfaidh tionscnóirí tionscadail páirt i nósanna imeachta práinne den sórt sin, i gcás inarb infheidhme.

Airteagal 11

Infheidhmeacht Choinbhinsiúin CEE-NA

Tá an Rialachán seo, i gcás inarb ábhartha, gan dochar do na hoibleagáidí faoi Choinbhinsiún Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip (CEE-NA) maidir le Rochtain ar Fhaisnéis, Rannpháirtíocht Phoiblí i gCinnteoireacht agus Rochtain ar Cheartas i gCúrsaí Comhshaoil, arna shíniú in Aarhus an 25 Meitheamh 1998, agus faoi Choinbhinsiún CEE-NA maidir le Measúnú Tionchair ar an gComhshaol i gComhthéacs Trasteorann, a síníodh Espoo an 25 Feabhra 1991, agus an Prótacal a ghabhann leis maidir le Measúnú Straitéiseach Timpeallachta, a síníodh i gCív an 21 Bealtaine 2003.

Airteagal 12
Faireachán agus tuairisciú

1. Cuirfidh gach Ballstát, ar bhonn bliantúil, tuarascáil staidrimh faoi bhráid an Choimisiúin maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo, lena n-áirítear líon iomlán na n-iarratas ceada a deonaíodh, lena n-áirítear na hiarratais sin a deonaíodh go hintuigthe, de bhun na nósanna imeachta a bhunaítear leis an Rialachán seo.
2. Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas faoi bhearta sonracha arna nglacadh chun rannpháirtíocht FBManna i dtionscadail ullmhachta cosanta a spreagadh agus a éascú, i gcomhréir le hAirteagal 6.
3. Déanfaidh an Coimisiún, i gcomhar leis na Ballstáit, measúnú ar fheidhmíocht na bpointí teagmhála aonair, bunaithe ar na sonraí a thuairiscítear de bhun mhír 1. Cuirfidh an Coimisiún na torthaí comhiomlánaithe dá dtagraítear i mír 1 ar fáil go poiblí ar líne, gan dochar do chosaint faisnéise íogaire atá ábhartha don tslándáil náisiúnta agus do cheanglais rúndachta.

Airteagal 13

Athbhreithniú agus meastóireacht

1. Faoin 31 Nollaig 2028, agus gach 4 bliana ina dhiaidh sin, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar chur chun feidhme an Rialacháin seo. Cuirfidh an Coimisiún tuarascáil ar phríomhthorthaí na meastóireachta faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle. Áireofar sa mheastóireacht, ar a laghad, measúnú ar an méid seo a leanas:
 - (a) an rannchuidíonn na nósanna imeachta a bhunaítear leis an Rialachán seo go héifeachtach le cuspóirí an Rialacháin seo, go háirithe a mhéid a bhaineann le hamlínte an phróisis deonaithe ceadanna agus rannpháirtíocht FBManna i dtionscadail ullmhachta cosanta;
 - (b) cur i bhfeidhm an tsásra formheasa intuigthe ar fud na mBallstát agus a rannchuidiú le cuspóirí an Rialacháin seo.
2. Féadfaidh na Ballstáit aon fhaisnéis a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil ón gCoimisiún chun an tuarascáil dá dtagraítear i mír 1 a tharraingt suas a sholáthar don Choimisiún, gan dochar do chosaint faisnéise íogaire atá ábhartha do cheanglais slándála náisiúnta agus rúndachta. I gcás ina measfaidh an Coimisiún gurb íomchuí sin, beidh togra reachtach ag gabháil leis an tuarascáil.

Airteagal 14

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Ní bheidh feidhm aige ach amháin maidir le hiarratais ar chead le haghaidh tionscadail ullmhachta cosanta a chuirfear isteach ón ... [3 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh i/in/sa ...,

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
